Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**13867/19**

**SPORT 94**
**JEUN 125**
**SOC 731**
**EDUC 442**
**DOPAGE 28**
**COPEN 426**
**CRIMORG 153**
**DEVGEN 202**
**SUSTDEV 157**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13349/19 + COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le héilliú sa spórt a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le héilliú sa spórt a chomhrac, a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dTionól na Comhairle (EYCS) ar an 21-22 Samhain 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**AN COMHRAC I gCOINNE AN ÉILLITHE SA SPÓRT**

Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle –

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU*

1. Is é an bonn bunúsach atá leis an spórt ná taitneamh na hiarrachta, luach oideachais na heiseamláire, an fhreagracht shóisialta agus an meas ar phrionsabail bhunúsacha eiticiúla uilíocha[1].

2. Ní feiniméan nua é an t-éilliú sa spórt. Tháinig méadú ar líon na gcásanna le 20 bliain anuas de bharr athruithe suntasacha ar thionscal an spóirt, a bhaineann den chuid is mó leis an méadú ar an tráchtálú agus clúdach na meán ar an spórt, rud a fhágann go bhfuil méadú ar shreabhadh ioncaim agus airgeadais mar thoradh air sin.

3. Tá gníomhaithe éagsúla tar éis an t-éilliú sa spórt a chomhrac ar chuid mhór bealaí éagsúla agus tá roinnt torthaí maithe bainte amach acu i gcaitheamh na mblianta.

4. Léiríonn cásanna d'éilliú ardphróifíle go bhféadfadh cásanna éillithe damáiste a dhéanamh do cháil an spóirt ó thaobh sláine agus chothrom na Féinne de. Ina theannta sin, ligeann sé do neamhéifeachtúlachtaí eacnamaíocha dul in olcas agus baineann de mhuinín an phobail as rialtais, as institiúidí poiblí agus as an daonlathas i gcoitinne.

5. Tá fadhbanna sa spórt le héilliú comórtais agus bainistíochta[2]. Bíonn cuid mhór foirmeacha éagsúla éillithe sa spórt, amhail breabaireacht, trádáil tionchair, mí-úsáid feidhmeanna, cúbláil comórtas spóirt agus sciúradh airgid. Éascaítear an t-éilliú le heaspa rialacha nó le heaspa cur chun feidhme rialacha atá ann cheana maidir le coinbhleachtaí leasa, nó doirse imrothlacha idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Ina theannta sin, is féidir baint a bheith ag an éilliú le dópáil.

---

1 Prionsabail bhunúsacha na gCluichí Oilimpeacha, an Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, Meán Fómhair 2015.

2 Féach na sainmhínithe atá san Iarscríbhinn.

6. Is minic a bhíonn an t-éilliú sa spórt le feiceáil i roinnt comhthéacsanna éagsúla, idir ghníomhaíochtaí neamhbhrabúis agus ghníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le himeachtaí idirnáisiúnta ardphróifíle. De dheasca nádúr casta an éillithe sa spórt, cruthaíodh dúshláin shuntasacha do lucht bainistíochta spóirt agus do lucht déanta beartas agus iad ag iarraidh na fadhbanna atá ann a aithint, gníomhartha a fhorbairt chun na fadhbanna seo a réiteach agus sláine an spóirt a choimirciú.

7. Ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, agus go háirithe i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, d'aithin an comhphobal idirnáisiúnta an spórt mar chumasóir tábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe[3], agus éifeachtaí díobhálacha an éillithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta chomh maith, agus gheall sé go ndéanfaí éilliú agus breabaireacht de gach aon chineál a laghdú go suntasach[4]. Is cuid de bheartas an Aontais agus na mBallstát maidir le comhar um fhorbairt iad an t-éilliú a chomhrac agus obair i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta chun bearta frith-éillithe a chur chun cinn[5].

*MEASANN SIAD*

8. Cé go raibh cineálacha sonracha éillithe sa spórt ar chlár oibre an chomhair ar leibhéal an Aontais le roinnt blianta anuas, níl aon chur chuige foriomlán ag an Aontas maidir le bearta frith-éillithe i réimse an spóirt.

9. Tá gá le straitéis fhadtéarmach chun freagairt go rathúil ar an ábhar casta seo i réimse an spóirt, lenar cheart cur chuige coiteann a bhunú don Aontas chun comhrac a dhéanamh i gcoinne an éillithe sa spórt agus chun rioscaí éillithe a shainaithint, mar aon leis na bunchúiseanna atá leo agus na creataí dlí agus sásraí atá ann cheana féin.

---

[3] Rúin 70/1 - *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (mír 37) agus 73/24 - *Sport as an enabler of sustainable development* [Spórt mar chumasóir don fhorbairt inbhuanaithe] ó na Náisiúin Aontaithe.

[4] Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Sprioc 16 (sprioc 16.5) https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld.

[5] Mír 50 agus roinn 2.4 den Chomhdhearcadh Nua Eorpach maidir le Forbairt (2017).

*CUIREANN SIAD IN IÚL GO LÁIDIR*

10. Freagracht chomhroinnte atá ann agus tá sé chun leas na ngeallsealbhóirí uile i réimse an spóirt comhrac i gcoinne an éillithe sa spórt, lena n-áirítear eagraíochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta spóirt, clubanna spóirt, eagraíochtaí ábhartha eile na sochaí sibhialta, riaracháin phoiblí, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhairí spóirt, lúthchleasaithe agus a lucht tionlacain, tionscal na gealltóireachta, saotharlanna, urraitheoirí agus na meáin chumarsáide.

11. D'fhéadfadh easnaimh i rialachas eagraíochtaí spóirt, agus san earnáil phoiblí chomh maith, bac a chur ar a gcumas an t-éilliú a chosc agus a chomhrac agus cur isteach ar rannpháirtíocht na lúthchleasaithe agus ar a gcuid dálaí oibre.

12. Is gné ríthábhachtach den chomhrac i gcoinne an éillithe í cosaint do sceithirí, go háirithe i dtaca le héilliú a shainaithint agus a bhrath sa spórt.

13. Áirítear ar bhunphrionsabail an dea-rialachais sa spórt, mar íoscheanglas, struchtúir dhaonlathacha, nósanna imeachta rialta agus oscailte toghcháin, eagrú agus bainistiú atá inniúil agus eiticiúil, cuntasacht agus trédhearcacht sa chinnteoireacht agus in oibríochtaí airgeadais, chomh maith le cothroime i ndáil le ballraíocht a láimhseáil, lena n-áirítear maidir le comhionannas inscne agus dlúthpháirtíocht[6].

14. Aithnítear sna Conarthaí go bhfuil an t-éilliú, an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, an sciúradh airgid agus an choireacht eagraithe ar chuid de '*réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar nádúr na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann*' agus a bhféadfaidh íosrialacha ar shainiú cionta coiriúla agus smachtbhannaí a dhéanamh ina leith[7]. Is é leas coiteann an Aontais é a áirithiú go bhfuil beartais frith-éillithe éifeachtacha ag gach Ballstát agus go dtacaíonn an tAontas leis na Ballstáit chun an obair sin a dhéanamh, lena n-áirítear i réimse an spóirt.

---

6 Féach Moladh de chuid Chomhairle na hEorpa CM/Rec (2005) 8 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit.

7 CFAE Airteagal 83(1).

15. Ba cheart go mbeadh comhlachtaí rialaithe spóirt in ann leibhéal ard neamhspleáchais a choimeád chun an ról atá acu i réimsí uile an spóirt a chomhlíonadh. Tá aitheantas intuigthe leis sin go gcaithfear aon neamhspleáchas den sórt sin a thuilleamh trí dhea-rialachas agus trí na caighdeáin is airde ó thaobh sláine a chosaint ina spórt féin[8]. Le blianta beaga anuas, tá an ghluaiseacht spóirt tar éis tionscadail, líonraí agus tionscnaimh eile a thionscnamh chun an t-éilliú sa spórt a chomhrac. Ba cheart an obair sin a chur san áireamh agus a fhorbairt a thuilleadh agus gníomhaíochtaí breise á meas.

16. Tá bearta tugtha isteach ag eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta araon, amhail na Náisiúin Aontaithe, an OECD, Comhairle na hEorpa, Interpol agus Europol, agus ag G20[9] sa chomhrac i gcoinne an éillithe go ginearálta agus, go sonrach, sa chomhrac i gcoinne an éillithe sa spórt. Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Aontais cur leis an gcomhar idirnáisiúnta atá ann cheana, comhar den sórt sin a chothú agus a chomhlánú i gcás inar féidir teacht ar bhreisluach.

17. Is féidir leis na foirmeacha nua líonraí agus na cinn atá ann cheana féin an aidhm choiteann a éascú chun an t-éilliú a chosc agus an dea-rialachas a chur chun cinn trí eagraíochtaí idir-rialtasacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta spóirt agus rialtais a thabhairt le chéile, agus trí iarrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla sa chomhrac i gcoinne an éillithe sa spórt a chomhcheangal. Is sampla féideartha é an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta i gcoinne an Éillithe sa Spórt (IPACS) dá leithéid de chomhar neamhfhoirmiúil sa todhchaí.

18. Tá ról tábhachtach ag na Ballstáit i ndáil le gealltanais idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Ba cheart dóibh cur chun feidhme phrionsabail an dea-rialachais a chur chun cinn agus tacú leis sin go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil, i gcomhar le heagraíochtaí spóirt; go háirithe, beartas neamhfhulaingthe a chur i bhfeidhm maidir le héilliú sa spórt; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bprionsabal dea-rialachais trína ngluaiseacht náisiúnta spóirt; nó trí dhea-rialachas a áireamh sna critéir maidir le deontais phoiblí don spórt a dhámhachtain.

---

8 Todhchaí an Spóirt Dhomhanda, 2019 ASOIF. Féach freisin COM(2011) 12 final An Ghné Eorpach a Fhorbairt sa Spórt.

9 Ag a gcruinniú mullaigh in Hamburg in 2017, gheall ceannairí G20 go leanfaidís dá gcuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar shláine sa spórt agus d'áitigh siad ar eagraíochtaí idirnáisiúnta spóirt dlús a chur lena gcomhrac i gcoinne an éillithe, trí na caighdeáin is airde ó thaobh sláine agus frith-éilliú a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, gheall ceannairí G20 a ndícheall a dhéanamh chun comhthuiscint a bhaint amach maidir le rioscaí éillithe i dtairiscintí a bhaineann le mórimeachtaí spóirt a óstáil.

19. Beidh comhar éifeachtach idir struchtúir ábhartha atá ann cheana agus meascán d'acmhainní de dhíth chun na bearta frith-éillithe a chur chun feidhme go rathúil ar gach leibhéal.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

20. Iarrachtaí a neartú chun éilliú sa spórt a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil bearta iomchuí reachtacha agus forfheidhmithe dlí i bhfeidhm.

21. Bearta agus gníomhaíochtaí a spreagadh agus a chur chun cinn chun bearta díoltais a chosc agus cosaintí a thabhairt isteach chun sceithirí a chosaint ar bheith curtha ar fionraí, ísliú céime a fháil agus ar bheith imeaglaithe nó bheith thíos le foirmeacha eile díoltais, agus cearta na bpáirtithe uile á n-urramú ag an am céanna.

22. Pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus/nó ionstraimí náisiúnta a bhunú nó a athbhreithniú, i gcomhar le heagraíochtaí spóirt, chun éilliú sa spórt a chosc agus a chomhrac, agus d'fhonn beartas neamhfhulaingthe a fhorfheidhmiú i leith an éillithe sa spórt.

23. Cur chun feidhme agus faireachán ceart ar phrionsabail an dea-rialachais a chur chun cinn tríd an ngluaiseacht spóirt chun an t-éilliú sa spórt a chosc.

24. Athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí féideartha maidir le cistiú poiblí a dheonú, agus é bunaithe ar thiomantas na n-eagraíochtaí do bhearta maidir le dea-rialachas agus frith-éilliú a chur chun feidhme

25. Feasacht a mhúscailt agus oideachas tosaigh agus leanúnach a chur ar fáil d'oifigigh ábhartha agus oiliúint tosaigh agus leanúnach a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ag obair i bhforfheidhmiú an dlí, agus do gheallsealbhóirí atá rannpháirteach i mbeartais frith-éillithe atá ábhartha leis an spórt.

26. Féachaint ar na bealaí, in éineacht leis an gCoimisiún, chun an tsáinn a réiteach i ndáil le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cúbláil Comórtas Spóirt, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2019, d'fhonn a chur ar chumas an Aontais agus a chuid Ballstát uile a gcuid próiseas daingniúcháin faoi seach a thabhairt chun críche agus aontú don Choinbhinsiún a luaithe is féidir.

*IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

27. I bhfianaise na hoibre a rinneadh sa réimse seo cheana, togra a dhéanamh le haghaidh plean gníomhaíochta comhtháite trasearnála, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, togra le haghaidh Moladh ón gComhairle, maidir le héilliú comórtais agus i measc lucht bainistíochta sa spórt.

28. Comhar agus sineirgí a chur chun cinn leis na Ballstáit agus idir na Ballstáit, agus le heagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta eile, go háirithe le Comhairle na hEorpa, agus feasacht ar an gcomhar sin agus ar na torthaí a bhíonn air a mhúscailt.

29. An t-idirphlé idir na húdaráis phoiblí agus an ghluaiseacht spóirt a chur ar fáil agus a neartú maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe sa spórt agus tacú, in éineacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta spóirt, le tionscnaimh chun an t-éilliú a chosc ag imeachtaí idirnáisiúnta agus comórtais trasteorann.

30. Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh na cláir agus na hionstraimí sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile tacú le bearta frith-éillithe a chur chun feidhme sa spórt.

31. Leas a bhaint as an gcistiú de chuid an chláir Erasmus + a bhaineann le spórt, agus as cláir chistiúcháin ábhartha eile, chun bearta coisctheacha a chur chun cinn a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus le dea-rialachas sa spórt, agus maidir le malartú dea-chleachtas agus beartas idir na Ballstáit agus na geallsealbhóirí.

32. Féachaint an bhféadfaí éilliú sa spórt a áireamh i gclár an Aontais Eorpaigh maidir le comhroinnt taithí frith-éillithe[10], agus an spórt a phríomhshruthú i dtionscnaimh an Choimisiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

33. Leanúint de chúnamh a thabhairt d'údaráis na mBallstát tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSS) chun feabhas a chur ar chosc agus ar chomhrac i gcoinne an éillithe sa spórt.

---

[10] Sheol an Coimisiún Eorpach an Clár maidir le Comhroinnt Taithí in 2015 chun tacú leis na Ballstáit, le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus le geallsealbhóirí eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha a sainaithníodh i dTuarascáil an Aontais Eorpaigh maidir le Frith-Éilliú (Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa — Tuarascáil an Aontais Eorpaigh maidir le Frith-Éilliú. COM (2014) 38 final, 3.2.2014).

IARRANN SIAD AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

34. Feabhas a chur ar a iarrachtaí chun sláine an spóirt a choimirciú agus tuilleadh plé a dhéanamh ar an éilliú a chosc agus a chomhrac sa spórt trí thionscnaimh a ghlacadh maidir le bearta agus smachtbhannaí éifeachtacha i gcoinne an éillithe ar bhonn measúnaithe riosca, agus iad a chur chun feidhme trí chur chuige neamhfhulaingthe ón mbunleibhéal go dtí an leibhéal is airde.

35. Cineálacha inbhuanaithe cur chuige a ghlacadh agus gealltanas a thabhairt go mbeidh dea-rialachas curtha i bhfeidhm, a áireoidh córas stóinsithe comhlíontachta i ndáil le faireachán, cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus fothú acmhainneachta.

36. Feasacht a mhúscailt, oideachas tosaigh agus leanúnach a chur ar fáil, moltaí a thabhairt isteach agus na cleachtais is fearr a scaipeadh maidir le héilliú a chosc sa spórt, lena n-áirítear maidir le dea-rialachas, ar gach leibhéal.

37. Rialacháin agus próisis iomchuí araíonachta a ghlacadh chun smachtbhannaí a chur orthu siúd atá bainteach le héilliú, agus bearta iomchuí a ghlacadh chun sceithirí a choimirciú agus cearta na bpáirtithe uile á n-urramú go hiomlán.

38. Chun críocha cistithe phoiblí, comhoibriú leis na húdaráis phoiblí chun caighdeáin maidir le dea-rialachas a chruthú agus chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin.

39. Comhoibriú le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí, le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí atá freagrach as an éilliú a chomhrac.

*1. Tagairtí*

Ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, meabhraítear do Comhairle an Aontais Eorpaigh agus d'Ionadaithe Rialtais na mBallstát an méid seo a leanas

An tAontas Eorpach

– Coinbhinsiún 1997 maidir le héilliú a bhfuil oifigigh an Aontais nó oifigigh na mBallstát bainteach leis a chomhrac, agus Cinneadh Réime 2003 maidir le héilliú a chomhrac san earnáil phríobháideach

– Páipéar bán ón gCoimisiún Eorpach maidir le spórt, go háirithe caibidil 4.6 maidir le *Corruption, money laundering and other forms of financial crime* [Éilliú, sciúradh airgid agus cineálacha eile coireachta airgeadais] ( Iúil 2007)[11]

– Sainghrúpa an Aontais maidir le Dea-Rialachas sa Spórt (2011-2014): Na Prionsabail maidir le Dea-Rialachas sa Spórt (Meán Fómhair 2013)

– Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus +': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Uimh. 1720/2006/CE agus Uimh. 1298/2008/CE[12]

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meitheamh 2015 i ndáil le nochtadh cásanna d'éilliú ardleibhéil in FIFA le déanaí (2015/2730 (RSP))[13]

– Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar shláine, trédhearcacht agus dea-rialachas i mórimeachtaí spóirt (Bealtaine 2016)[14]

[11] COM/2007/0391 final
[12] IOAE L 347, 20.12.2013, lch. 50.
[13] IOAE C 407, 4.11.2016, lch. 81.
[14] IOAE C 212, 14.6.2016, lch. 14.

– Sainghrúpa an Aontais maidir le Dea-Rialachas sa Spórt (2014-2017): *Promotion of existing good governance principles* [Prionsabail an dea-rialachais reatha a chur chun cinn] (Iúil 2016)[15]

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2017 maidir le cur chuige comhtháite i leith an Bheartais Spóirt: dea-rialachas, inrochtaineacht agus sláine (2016/2143(INI))[16]

– Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2017-31 Nollaig 2020)[17]

– *Mapping of corruption in sport in the EU* [Mapáil ar an éilliú sa spórt san Aontas Eorpach] a rinne Ecorys don Choimisiún Eorpach (Nollaig 2018)[18]

– An Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún i ndáil leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt: *Our World, Our Dignity, Our Future* [Ár Saol, ár nDínit, ár dTodhchaí], mír 50 agus roinn 2.4[19]

– Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le measúnú ar an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhfuil tionchar aige ar an margadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann (Iúil 2019, COM (2019) 370 final), go háirithe Caibidil 2.1.6.1.1 maidir le sacar gairmiúil

– Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (PE-CONS 78/19)[20]

– Clár gealltanas an Choimisiúin Eorpaigh maidir le dea-rialachas

---

15 https://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail. - groupDetailDoc&id=25002&no=1
16 IOAE C 252, 18.7.2018, lch. 2.
17 IO C 189, 15.6.2017, lch. 5.
18 https://publications.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/71c67c33-1dff-11e9-8d04-01aa75ed71a1
19 IOAE C 210, 30.6.2017, lch. 1.
20 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/PE-78-2019-INIT/ga/pdf - *Téacs arna ghlacadh ag an gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019, nár foilsíodh fós ar Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Na Náisiúin Aontaithe

– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (2003)

– An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta i gcoinne na Dópála sa Spórt (2005)

– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe; Straitéis i ndáil le Cosaint i gcoinne an Éillithe i Mórimeachtaí Poiblí (2013)

– Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (2015)[21]

– Plean Gníomhaíochta Kazan ón Séú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid UNESCO do na hAirí agus do na hOifigigh Shinsearacha atá Freagrach as Corpoideachas agus Spórt, MINEPS VI (2017)

Comhairle na hEorpa

– Moladh CM/Rec (2018) 12 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le dea-rialachas sa spórt a chur chun cinn

– Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in Aghaidh na Dópála (ETS Uimh. 135)

– Coinbhinsiún Dlí Sibhialta Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú (ETS Uimh. 174), an Coinbhinsiún Dlí Choiriúil maidir le hÉilliú (ETS Uimh. 173) agus an Prótacal Breise a ghabhann leis (ETS Uimh. 191)

– Coinbhinsiún ón gComhairle Eorpach maidir le Cúbláil Comórtas Spóirt (ETS Uimh. 215)

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD)

– Coinbhinsiún OECD maidir le comhrac in aghaidh oifigigh phoiblí eachtracha a bhreabadh in idirbhearta gnó idirnáisiúnta, a ghlac an Chomhdháil Chaibidlíochta ar an 21 Samhain 1997

– Moladh ón gComhairle maidir le Bearta Cánach chun Comhrac a Thuilleadh i gCoinne na Breabaireachta i measc Oifigigh Eachtracha Phoiblí in Idirbhearta Idirnáisiúnta Gnó, an 25 Bealtaine 2009 - C (2009) 64

---

21 Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015

<u>Nithe éagsúla</u>

– Trédhearcacht Idirnáisiúnta: An Tuarascáil Dhomhanda maidir le hÉilliú: spórt (23 Feabhra 2016)

– Dearbhú Cheannairí G20: Domhan idirnasctha a mhúnlú (Hamburg, 7-8 Iúil 2017)

*2. Sainmhínithe*

Chun críche na gconclúidí seo ón gComhairle:

Ciallaíonn 'éilliú comórtais' éilliú sa spórt a bhaineann le toradh agus/nó le cúrsa comórtais spóirt.

Ciallaíonn 'éilliú bainistíochta' an t-éilliú sa spórt nach mbaineann le toradh agus/nó le cúrsa comórtais spóirt.